AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH
Comhairle an LEE

An Bhruiséil, 20 Samhain 2025
(OR. en)

EEE 1608/1/25
REV 1

**CONCLÚIDÍ**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Conclúidí ón 61ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an Bhruiséil, an 20 Samhain 2025) |

Tionóladh an 61ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch sa Bhruiséil an 20 Samhain 2025 faoi Uachtaránacht Þorgerður Katrín Gunnarsdóttir, Aire Gnóthaí Eachtracha na hÍoslainne. D'fhreastail Marie Bjerre, Aire Gnóthaí Eorpacha na Danmhairge, thar ceann Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh; Espen Barth Eide, Aire Gnóthaí Eachtracha na hIorua; agus Sabine Monauni, Aire Gnóthaí Eachtracha, Comhshaoil agus Cultúir Lichtinstéin, chomh maith le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, ar an gcruinniú.

Phléigh comhaltaí Chomhairle LEE feidhmiú foriomlán an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (Comhaontú LEE) agus bhí díospóireacht bheartais acu maidir le clár oibre an Aontais maidir le simpliú agus Comhaontú LEE.

**An Úcráin**

1. Agus é á mheabhrú acu na conclúidí a ghlac siad roimhe seo, d'athdhearbhaigh comhaltaí Chomhairle LEE a dtacaíocht leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Leanfaidh comhaltaí Chomhairle LEE de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leis.

2. D'ainneoin iarrachtaí leanúnacha taidhleoireachta a bheith déanta ag SAM agus ag an Eoraip i dtreo na síochána agus d'ainneoin an Úcráin a bheith faoi réir chun an tsíocháin sin a shaothrú, tá méadú tagtha ar dhéine na n-ionsaithe diúracán agus drón atá á ndéanamh ag an Rúis ar an Úcráin, lena ndírítear go háirithe ar shibhialtaigh agus ar an mbonneagar sibhialtach, rud a léiríonn easpa fíorthoil pholaitiúil na Rúise deireadh a chur lena cogadh foghach agus dul i mbun caibidlíocht fhónta síochána. Thathantaigh comhaltaí Chomhairle LEE arís ar an Rúis teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán neamhchoinníollach láithreach, ar chomhaontaigh an Úcráin leis i mí an Mhárta 2025, agus d'athdhearbhaigh siad go dtacaíonn siad le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin, bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. I ndáil leis an méid sin, meabhraíodh do chomhaltaí Chomhairle LEE na prionsabail a leagadh amach an 6 Márta 2025 ar cheart iad a bheith ina dtreoir don chaibidlíocht síochána.

3. Leanfaidh comhaltaí Chomhairle LEE de bheith ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí síochána, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe, agus trína bhfor-rochtain dhomhanda a threisiú.

**An comhar in LEE**

4. Leag Comhairle LEE béim ar an tábhacht leanúnach mhéadaitheach a bhaineann le Comhaontú LEE mar bhonn bunúsach don chaidreamh idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE, go háirithe tráth na héiginnteachta geopholaitiúla, agus chuir sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá struchtúr décholúnach an Chomhaontaithe.

5. D'aithin sí an méid a rannchuidíonn Stáit CSTE LEE leis an bpróiseas cinnteoireachta i reachtaíocht agus i gcláir an Aontais atá ábhartha do LEE trína rannpháirtíocht i gcoistí, grúpaí saineolaithe, staidéir agus gníomhaireachtaí, agus trí bharúlacha CSTE LEE a thabhairt.

6. Ina theannta sin, d'aithin Comhairle LEE an rannchuidiú dearfach a dhéanann Údarás Faireacháin CSTE agus an Coimisiún Eorpach maidir le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Chomhaontú LEE i ngach Stát LEE.

7. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé go n-iarrfaí ar Airí CSTE LEE freastal ar chruinnithe agus ar chomhdhálacha neamhfhoirmiúla aireachta an Aontais arna n-eagrú ag uachtaránachtaí an Aontais atá ábhartha do rannpháirtíocht CSTE LEE sa Mhargadh Inmheánach. Chuir sí in iúl go raibh sí sásta go bhfuil an tír a bhfuil an uachtaránacht aici faoi láthair, an Danmhairg, ag leanúint den chleachtas sin, agus go bhfuil sé i gceist ag na tíortha a thiocfaidh i gcomharbas uirthi an rud céanna a dhéanamh.

8. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá Margadh Inmheánach dea-fheidhmiúil chun dálaí don fhás eacnamaíoch agus do phoist nua a chothú ar fud na hEorpa. Meabhraíodh di na tairbhí a bhaineann leis na ceithre shaoirse agus le dálaí iomaíochta comhionanna agus cothroma do ghnólachtaí, agus chuir sí i bhfios go láidir go n-éascaítear nuálaíocht, iomaíochas agus trádáil le rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh.

9. D'aontaigh Comhairle LEE gur gá iarrachtaí cumarsáide a neartú a thuilleadh i ndáil le Comhaontú LEE agus na tairbhí a bhaineann leis do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Leag sí béim ar an gcaoi a bhfuil eolas níos fearr ar Chomhaontú LEE ar fud LEE ar gach leibhéal chun leas na bPáirtithe Conarthacha uile agus dhea-fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh. Chuige sin, thathantaigh Comhairle LEE ar Stáit LEE a áirithiú go gcuirfí faisnéis faoi Chomhaontú LEE ar fáil go héasca, gan bhac.

10. Agus ról tábhachtach an chomhair pharlaimintigh agus an chomhair idir na comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta á aithint aici, thug Comhairle LEE dá haire an rún ó Chomhchoiste Parlaiminteach LEE, a glacadh tar éis an 63ú cruinniú a bhí aige in Akureyri an 25 Bealtaine 2025, maidir le Tuarascáil Bhliantúil Chomhchoiste LEE ar Fheidhmiú Chomhaontú LEE in 2024.

**Idirphlé polaitiúil**

11. D'aithin Comhairle LEE gurb í an dlúth-chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE an dóigh is fearr le rathúnas comhroinnte agus cobhsaíocht fhadtéarmach a ráthú. Rannchuidigh an dlúth-chomhpháirtíocht sin le hEoraip atá bunaithe ar an tsíocháin, ar an daonlathas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine. Ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE an t-idirphlé polaitiúil, ar leibhéal na n-airí idir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus airí gnóthaí eachtracha na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua, áit a raibh seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta ag na rannpháirtithe maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh reatha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, mar shampla an Úcráin/an Rúis, caidrimh thrasatlantacha agus an Meánoirthear, agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chleachtas maidir le cuireadh a thabhairt d'oifigigh ó Stáit CSTE LEE chuig idirphlé polaitiúil a thionóltar i gcomhar le meithleacha Chomhairle an Aontais.

**Gníomhartha de chuid an Aontais atá ábhartha maidir le LEE a ionchorprú**

12. Agus an Tuarascáil ar Dhul chun Cinn ó Chomhchoiste LEE á tabhairt dá haire aici, léirigh Comhairle LEE gur mór aici obair an Chomhchoiste maidir le hoibriú rathúil leanúnach agus feidhmiú fónta leanúnach Chomhaontú LEE a áirithiú.

13. D'aithin Comhairle LEE an obair leanúnach atá á déanamh chun líon na ngníomhartha de chuid an Aontais atá ar feitheamh lena gcorprú i gComhaontú LEE a laghdú agus go ndearnadh dul chun cinn tábhachtach in 2025 mar thoradh ar iarrachtaí comhpháirteacha institiúidí an Aontais agus Stáit CSTE LEE. Thug sí dá haire, áfach, go raibh an riaráiste fós ard, agus leag sí béim ar an ngá atá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh agus leanúint den dlúthchomhar maidir le comhaid atá ann le fada chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht in LEE a áirithiú. Leag Comhairle LEE béim freisin ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar an *acquis* a thrasuí go tráthúil i gcórais náisiúnta dlí.

**Slándáil eacnamaíoch agus iomaíochas an Mhargaidh Inmheánaigh**

14. D’aithin Comhairle LEE na dúshláin leanúnacha atá roimh an trádáil idirnáisiúnta tráth atá slabhraí soláthair domhanda faoi bhrú, agus d’athdhearbhaigh sí a tiomantas don trádáil oscailte chothrom inbhuanaithe agus do chaidreamh trádála riailbhunaithe.

15. Thairis sin, chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an Margadh Inmheánach chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a áirithiú, agus geilleagar oscailte, slándáil eacnamaíoch, athléimneacht, slándáil bia, athnuachan tionsclaíoch, ceannaireacht theicneolaíoch athléimneach agus tarraingteacht na hEorpa mar shuíomh gnó á gcaomhnú ag an am céanna. Tá leas frithpháirteach ag an Aontas agus Stáit LEE CSTE maidir le Margadh Inmheánach dea-fheidhmiúil a áirithiú agus cothrom iomaíochta a choinneáil ar bun ar fud an domhain agus laistigh den Mhargadh Inmheánach de réir mar a fhorbraíonn beartais agus tionscnaimh nua chun dul i ngleic le dúshláin leanúnacha gheopholaitiúla i réimsí, mar shampla, an iomaíocht dhomhanda, an t-athrú aeráide, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, spleáchais straitéiseacha agus rioscaí don slabhra soláthair in earnálacha straitéiseacha.

16. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht atá fabhrach don nuálaíocht agus don ghnó a chur ar fáil chun iomaíochas a neartú ar fud LEE agus thug sí dá haire a thábhachtaí atá sé spleáchais straitéiseacha in earnálacha íogaire a laghdú, chomh maith le próisis rialála a shimpliú. Ba dhíol sásaimh di na hiarrachtaí chun rialacha a shimpliú agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a laghdú trí bhíthin tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha lena n-áirítear tograí Omnibus toisc go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), arb iad formhór mór na gcuideachtaí in LEE.

17. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá dlúthchomhar idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE chun slándáil eacnamaíoch agus athléimneacht a mhéadú chomh maith le slabhraí soláthair a dhaingniú agus a neartú trí éagsúlú an tsoláthair agus trí acmhainneachtaí monaraíochta a fhorbairt sa Mhargadh Inmheánach, go háirithe i réimsí na dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus na dteicneolaíochtaí ísealastaíochtaí i gcomhréir le mír 28 den chéad Athbhreithniú Domhanda faoi Chomhaontú Pháras, agus i réimsí na sliseanna agus na n-amhábhar criticiúil chomh maith. Ba cheart don tslándáil eacnamaíoch laistigh de LEE díriú ar iomaíochas a chur chun cinn ar fud LEE, agus ar chosaint a thabhairt ar rioscaí comhchoiteanna slándála eacnamaíche, agus ar chomhpháirtíocht le tíortha eile a bhfuil leasanna coiteanna acu.

18. D’admhaigh Comhairle LEE go dtugtar aghaidh go leordhóthanach i gClár Oibre Straitéiseach an Aontais 2024-2029 ar dhúshláin chomhroinnte Stáit LEE. Mhol sí na hiarrachtaí chun Margadh Inmheánach níos doimhne agus níos athléimní a fhorbairt a d’fhéadfadh cur le forbairt phríomhtheicneolaíochtaí na todhchaí agus le hiomaíochas fadtéarmach na hEorpa, agus ba dhíol sásaimh di na hiarrachtaí chun an Eoraip a choinneáil láidir agus slán.

**An t-athrú aeráide, an bhithéagsúlacht agus an t-aistriú glas**

19. D’aontaigh Comhairle LEE go bhfuil gá le harduaillmhian leanúnach, iarracht chomhchoiteann agus gníomhaíocht phráinneach chun go n-áiritheofar an t-aistriú ionsar thodhchaí atá inbhuanaithe, cothrom ar bhonn sóisialta, aeráidneodrach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. D’iarr sí go n-aistreofaí ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, i gcomhréir le conairí 1.5 °C, agus dlús á chur le gníomhaíocht sa tréimhse 10 mbliana ríthábhachtach seo, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí i gcomhréir leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil. Agus acmhainneacht LEE á cur san áireamh, d’iarr sí an athuair freisin go ndéanfaí acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain, meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030 agus dlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus teicneolaíochtaí ísealastaíochtaí. Ba dhíol sásaimh di iarrachtaí an Aontais iomaíochas agus dícharbónú thionscal na hEorpa a áirithiú.

20. D’aithin Comhairle LEE a thábhachtaí atá soláthairtí fuinnimh atá slán, inacmhainne agus inbhuanaithe agus bonneagar fuinnimh na hEorpa a chosaint ar bhagairtí hibrideacha agus ar bhagairtí eile. Chuir Comhairle LEE i bhfáth gur cheart, le straitéis do dhícharbónú agus iomaíochas, ar straitéis í atá cuimsitheach agus neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, intuarthacht a chur ar fáil don tionscal agus iarracht a dhéanamh gnólachtaí a mhealladh, a mhéadú agus a choinneáil ar bun laistigh den Eoraip.

21. D’admhaigh Comhairle LEE na héifeachtaí díobhálacha atá ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin ar earnáil an fhuinnimh san Eoraip agus thug sí dá haire an dul chun cinn atá déanta le plean REPowerEU an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun feidhme. Thug Comhairle LEE dá haire gur foilsíodh le déanaí treochlár an Aontais maidir le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise na Rúise, arb é is aidhm dó spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú.

22. Leag Comhairle LEE béim ar an ról lárnach atá ag praghsáil carbóin san aistriú glas agus ar an gcomhar leanúnach idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE i bhforbairt Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais. Ba dhíol sásaimh di an obair leanúnach atá á déanamh maidir le Stáit CSTE LEE a áireamh sa Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha. Leag Comhairle LEE béim freisin ar an ngá atá le bearta éifeachtacha chun inchreidteacht sonraí astaíochtaí a áirithiú agus chun leanúint de na hiarrachtaí chun iontaofacht sonraí tríú tíortha a áirithiú.

23. Thug Comhairle LEE dá haire an Pacáiste maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé dlúthchomhar a áirithiú maidir le gnéithe den phacáiste a d'fhéadfadh a bheith bainteach le Stáit CSTE LEE agus le Comhaontú LEE.

24. Ós rud é gur foinse mhór astaíochtaí san Eoraip é an t-iompar, d'athdhearbhaigh Comhairle LEE a thábhachtaí atá sé go n-oibríonn Stáit LEE le chéile i dtreo earnáil iompair inbhuanaithe, iomaíoch agus athléimneach. Ba cheart béim láidir a choinneáil ar loingseoireacht ghlas agus ar eitlíocht ghlas, agus ar bhonneagair aerfoirt agus calafoirt. Leag Comhairle LEE béim ar dhlús a chur leis an aistriú i dtreo modhanna inbhuanaithe iompair agus breoslaí inbhuanaithe ar fud LEE agus nascacht limistéar iargúlta, ina measc stáit oileánacha, agus na réigiúin is forimeallaí, á gcaomhnú agus an t-aistriú cóir a áirithiú ag an am céanna. Chun an t-aistriú chuig breoslaí inbhuanaithe a bhaint amach, is gá an t-éileamh a ailíniú le soláthar iontaofa inscálaithe, agus ag an am céanna teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghiaráil chun dícharbónú éifeachtach a éascú. Tá sé bunriachtanach athléimneacht a chothú tríd an nuálaíocht, sásraí solúbtha comhlíontachta agus infheistíocht i mbonneagar inbhuanaithe chun sreafaí trádála a chosaint. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach an toilleadh iarnróid a fheabhsú agus astaíochtaí ó iompar lastais de bhóthar a laghdú.

25. Chuir Comhairle LEE in iúl go bhfuil sí lántiomanta dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, an t-aistriú fuinnimh inbhuanaithe a shaothrú, agus leanúint den domhan nádúrtha a chosaint agus borradh a chur faoinár ngeilleagar ciorclach i gcoitinne chun ár n-iomaíochas a mhéadú. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúthchomhar idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE chun a spriocanna agus cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta faoi seach a bhaint amach agus cuspóirí Chomhaontú Pháras a chaomhnú agus Chreat Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chaomhnú..

Chomhaontaigh Comhairle LEE go bhfuil sé bunriachtanach aghaidh a thabhairt ar chailliúint na bithéagsúlachta, agus thug sí dá haire uaillmhian an Aontais maidir le truailliú nialasach agus go bhfuil comhar i dtreo Eoraip níos glaine agus comhshaol atá saor ó thocsainí ina chuid ríthábhachtach de sin. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá ailíniú rialála i réimse an gheilleagair chiorclaigh agus leag sí béim ar an ngá atá le hathléimneacht uisce a neartú ar fud na n-earnálacha.

26. Á aithint di gur dúshláin dhomhanda iad an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta, d'athdhearbhaigh Comhairle LEE a tiomantas iomlán Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus Comhaontú Pháras agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme, atá iltaobhach agus bunriachtanach chun an ghníomhaíocht dhomhanda i gcoinne an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a rialú. Agus aird á tabhairt ar thorthaí Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, COP28 agus COP29, leag Comhairle LEE béim ar an tábhacht leanúnach a bhaineann le huaillmhian dhomhanda mhéadaithe faoi Chomhaontú Pháras. Chuige sin, ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE an teachtaireacht maidir le rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (RCNanna) tar éis 2030 agus d'iarr sí ar na Páirtithe uile nár thíolaic a RCNanna go fóill é sin a dhéanamh mar ábhar práinne. Cuireann sí in iúl gur cheart do RCNanna tar éis 2030 a bheith bunaithe ar an gCéad Athbhreithniú Domhanda (GST-1), an dul chun cinn agus an uaillmhian is airde is féidir a léiriú agus a bheith ailínithe le conairí astaíochtaí lena dteorannaítear an téamh domhanda go 1.5 °C agus leis an eolaíocht is fearr atá ar fáil, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla, chomh maith le dearbhspriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair a áireamh, lena gcumhdaítear GCTanna, earnálacha agus catagóirí uile agus lena léirítear an chaoi a bhfuil an chéad Athbhreithniú Domhanda (GST-1) á chur chun feidhme ag na Páirtithe. Leag Comhairle LEE béim ar a riachtanaí atá sé do thíortha a spriocanna glan-nialasacha maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagan síos agus/nó dlús a chur leo agus idirphlé uaillmhianach a shaothrú le príomh-chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo. Thairis sin, thug Comhairle LEE dá haire uaillmhian na hEorpa fanacht ar thús cadhnaíochta maidir lena gealltanais idirnáisiúnta bhithéagsúlachta a bhaint amach, go háirithe na gealltanais a tugadh i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal. Agus aird á tabhairt ar an toradh a bhí ar an 16ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, leag Comhairle LEE béim ar a riachtanaí atá sé do na páirtithe uile a Straitéisí Náisiúnta agus a bPleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht a thabhairt cothrom le dáta nó a athbhreithniú chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar na cúiseanna díreacha agus indíreacha atá le cailliúint na bithéagsúlachta.

**An claochlú digiteach**

27. Chuir Comhairle LEE chun suntais go bhfuil sé ríthábhachtach saoirse agus iolrachas na meán a chosaint, neamhspleáchas eagarthóireachta agus iriseoirí a chosaint ar mhaithe le sochaí dhaonlathach dhea-fheidhmiúil sa ré dhigiteach, in éineacht le hurramú na luachanna ríthábhachtacha sin mar a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha an Aontais, lena n-áirítear maidir le tacaíocht do na meáin neamhspleácha agus a gcistiú.

28. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh Stáit LEE go dlúth le chéile chun claochlú digiteach iomaíoch cothrom athléimneach a áirithiú, agus chun go mbeidh an Eoraip ina ceannaire domhanda i dteicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha. Thairis sin, leag sí béim ar a ríthábhachtaí atá sé sláine agus athléimneacht an bhonneagair dhigitigh agus na seirbhísí digiteacha a chosaint chun ár sochaithe daonlathacha a chosaint agus chun ár luachanna Eorpacha a dhearbhú.

29. Agus é á thabhairt dá haire aici gur gá dlús a chur le IS a bheith á ghlacadh ag lucht tionsclaíochta, agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus i gcomhréir leis an Ráiteas maidir le hIntleacht Shaorga Chuimsitheach Inbhuanaithe do Dhaoine agus don Phláinéad, a comhaontaíodh an 11 Feabhra 2025 i bPáras, thacaigh Comhairle LEE leis an Straitéis Cur i bhFeidhm IS atá beartaithe agus d’iarr sí go mbeadh na húdaráis, lucht tionsclaíochta agus an tsochaí shibhialta ó Stáit LEE rannpháirteach go dlúth ina cur chun feidhme. Thairis sin, chun luach sochaíoch agus nuálaíochta na sonraí a uasmhéadú, leag Comhairle LEE béim ar an ngá atá le hiarrachtaí breise a dhéanamh chun fíor-Aontas Sonraí Eorpach a chruthú, lena n-áirítear trí chomhlíonadh na reachtaíochta atá ann cheana a shimpliú agus trí rialachas sonraí a fheabhsú.

30. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha a chorprú go luath i gComhaontú LEE. Agus é á thabhairt dá haire aici na tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sochaíocha a bhaineann leis an intleacht shaorga (IS), d’aithin sí, thairis sin, a thábhachtaí atá sé creat rialála coiteann a bhunú don intleacht shaorga san Eoraip tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga, agus a áirithiú go mbeidh na córais intleachta saorga a chuirtear ar an Margadh Inmheánach agus a úsáidtear in LEE slán, iontaofa, eiticiúil agus go n-urramaítear cearta bunúsacha, luachanna Eorpacha agus prionsabail eiticiúla leo.

31. Thug Comhairle LEE dá haire a thábhachtaí atá sé an chibearshlándáil a neartú agus daoine, institiúidí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar bhagairtí hibrideacha. Ba dhíol sásaimh di an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bplean gníomhaíochta Eorpach i ndáil le cibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte, chomh maith le Gníomh AE um Chibear-Dhlúthpháirtíocht, an Gníomh um Chibear-athléimneacht, agus d'iarr sí ar na Páirtithe i gComhaontú LEE leanúint den dlúthchomhar chun a gcomhar a dhoimhniú athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh a mhéadú agus cibearbhagairtí a chosc.

32. D'aithin Comhairle LEE a thábhachtaí atá sé éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú leis an nGníomh Eorpach um Shliseanna trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, ceannaireacht theicneolaíoch a chothabháil agus an acmhainneacht táirgeachta a fhorbairt agus leanúint d'uaillmhianta trí Ghníomh Eorpach um Shliseanna 2.0.

**An ghné shóisialta**

33. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá an ghné shóisialta i gComhaontú LEE, lena gcumhdaítear saincheisteanna a bhaineann le dlí an tsaothair, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus comhionannas inscne. D'aithin Comhairle LEE a thábhachtaí atá margaí saothair agus córais leasa shóisialaigh atá cothrom dea-fheidhmiúil, agus a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú agus a áirithiú go mbíonn scileanna ag teacht le riachtanais mhargadh an tsaothair, mar bheart ríthábhachtach chun claochlú glas cothrom digiteach a bhaint amach agus chun iomaíochas an Mhargaidh Inmheánaigh a neartú.

34. Agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá sé cosaint shóisialta, comhdheiseanna agus dálaí oibre córa a áirithiú, ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, creat arb aidhm di Eoraip níos cuimsithí, níos athléimní agus níos iomaíche a chruthú.

**An comhar i réimse na sláinte**

35. D'aithin Comhairle LEE na ceachtanna straitéiseacha a foghlaimíodh ón ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte sa LEE le linn phaindéim COVID-19. Ba thosaíochtaí bunriachtanacha i gcónaí iad sa chomhthéacs sin sláine an Mhargaidh Inmheánaigh agus feidhmiú rianúil Chomhaontú LEE. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé Aontas Sláinte na hEorpa a fhorbairt, agus bhí sí ag súil le comhar níos dlúithe idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE maidir le hullmhacht agus freagairt sláinte. Thug Comhairle LEE dá haire freisin an togra le haghaidh rialachán i réimse na gcógas leighis criticiúil d'fhonn slabhraí soláthair níos athléimní a chumasú agus acmhainneachtaí táirgeachta na hEorpa a neartú. Bhí Comhairle LEE ag tnúth chomh maith le dul chun cinn breise leis an athchóiriú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais lena dtugtar aghaidh ar rochtain chomhionann thráthúil ar tháirgí íocshláinte atá sábháilte, éifeachtach agus inacmhainne, ar shlándáil soláthair táirgí íocshláinte agus ar thimpeallacht tharraingteach atá fabhrach don nuálaíocht a chur ar fáil le haghaidh taighde, infheistíocht, forbairt agus táirgeadh cógas san Eoraip, chomh maith le bearta lena dtugtar aghaidh ar ghalair neamhchoitianta agus ar fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach.

36. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé gníomhaíochtaí an Aontais maidir le cúram agus meabhairshláinte a neartú, agus cumais agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear an athléimneacht aeráide, go háirithe i réimsí inar nochtadh easnaimh de dheasca na paindéime.

**Cláir agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais**

37. Á admháil di an rannchuidiú ó chláir de chuid an Aontais chun Eoraip níos glaise, níos digití agus níos athléimní a thógáil, chuir Comhairle LEE i dtreis a thábhachtaí atá rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE i roinnt clár éagsúil de chuid an Aontais sa tréimhse 2021 go dtí 2027 agus d'aithin sí a ranníocaíocht shuntasach airgeadais leis na cláir.

38. Leag Comhairle LEE béim ar an gcaoi a bhforáiltear le hAirteagal 78 de Chomhaontú LEE go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha comhar a neartú agus a leathnú i roinnt réimsí lasmuigh de na ceithre shaoirse. Ba cheart rochtain a bheith ag Stáit CSTE LEE ar gach cuid de na cláir ina bhfuil siad rannpháirteach. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an tslándáil taighde agus d'iarr sí ar na Páirtithe oibriú go dlúth le chéile i ndáil leis sin, lena n-áirítear trí bhainistiú riosca agus bearta iomchuí eile a úsáid.

Ráthaítear leis an gComhaontú cearta agus oibleagáidí comhionanna a chomhaltaí uile agus tá sé ríthábhachtach go n-urramófar na prionsabail sin ar mhaithe le dea-fheidhmiú an Chomhaontaithe. Mhol Comhairle LEE go háirithe do gach comhlacht cur chun feidhme ar na leibhéil Eorpacha agus náisiúnta deiseanna comhpháirtíochta a phoibliú agus a chur chun cinn ar fud LEE agus a áirithiú go gcuirfear na gníomhaithe uile go hiomlán ar an eolas faoi chearta agus oibleagáidí Stáit CSTE LEE agus iad ag glacadh páirt i gcláir an Aontais.

39. Leag Comhairle LEE béim ar an gcaoi a bhfuil comhar leathan i réimse an spáis ríthábhachtach chun bonn tionsclaíoch na hEorpa a neartú agus chun sláine agus dea-fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a chaomhnú. Thug sí dá haire an plé leanúnach maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE sa Chlár um Nascacht Shlán agus sa togra le haghaidh Gníomh AE um Spás.

40. Gan dochar don chaibidlíocht ar leibhéal an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ar na bioráin, d’iarr Comhairle LEE idirphlé leanúnach maidir leis na hullmhúcháin don chlárthréimhse tar éis 2027 agus é mar aidhm aige a áirithiú go ndéanfaí rialacháin nua maidir le cláir a chorprú go luath i gComhaontú LEE, agus é á chur san áireamh go leanann rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE as forálacha Chomhaontú LEE. Ina theannta sin, leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé dlúthchomhar a áirithiú idir Stáit CSTE LEE agus an tAontas Eorpach maidir le cláir de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo a mhúnlú i gcomhréir le Comhaontú LEE.

41. Tharraing Comhairle LEE aird ar a thábhachtaí atá sé, chun rannchuidiú le comhrac an sciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, pacáiste an Aontais um fhrithsciúradh airgid agus um chomhrac mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a ionchorprú i gComhaontú LEE, ar ionchorprú é atá ar na bacáin.

**Sásraí Airgeadais**

42. Meabhraíodh do Chomhairle LEE go bhforáiltear le Comhaontú LEE do rannpháirtíocht Stáit CSTE LEE sa Mhargadh Inmheánach agus, sa chomhthéacs sin, meabhraíodh di freisin go rannchuidíonn Stáit CSTE LEE le héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha laistigh de LEE a laghdú trí Shásraí Airgeadais LEE agus na hIorua ar mhaithe leis na Páirtithe Conarthacha, d'fhonn neartú leanúnach cothrom an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe Conarthacha uile i gComhaontú LEE a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 115 LEE.

43. Ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe maidir le Sásra Airgeadais LEE don tréimhse ó mhí Bealtaine 2021 go dtí mí Aibreáin 2028 idir an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an tAontas, agus teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Iorua agus an tAontas maidir le Sásra Airgeadais na hIorua don tréimhse ó mhí Bealtaine 2021 do dtí mí Aibreáin 2028, an 1 Lúnasa 2025.

44. Agus é mar aidhm aici na Sásraí Airgeadais a chur chun feidhme don tréimhse ó mhí Bealtaine 2021 go dtí mí Aibreáin 2028, ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE tabhairt i gcrích na meabhrán déthaobhach tuisceana agus na gcomhaontuithe cláir idir Stáit CSTE LEE agus na Stáit is Tairbhithe áirithe, agus bhí sí ag tnúth le meabhráin tuisceana dhéthaobhacha a thabhairt i gcrích go pras leis na Stáit is Tairbhithe uile chun creat agus amlíne shoiléir a leagan síos ar mhaithe le cur chun feidhme éifeachtach tráthúil na gcistí, rud a rannchuideoidh leis na tosaíochtaí téamacha a comhaontaíodh, an t-aistriú glas Eorpach, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine agus cuimsiú sóisialta agus athléimneacht.

45. Chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha, i bhfianaise Airteagal 10 i bPrótacal 38D, athbhreithniú ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus, bunaithe ar an measúnú sin, go gcuirfidh siad tús leis an gcaibidlíocht a bheidh ann amach anseo maidir leis na chéad Sásraí Airgeadais eile, i bhfad sula rachaidh na Sásraí Airgeadais 2021-2028 in éag, chun bearnaí sa chur chun feidhme a sheachaint agus ionas go mbeifear in ann an pheirspictíocht chistiúcháin don todhchaí a chlársceidealú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach.

**Iascach agus rochtain ar an margadh d'iasc agus táirgí iascaigh**

46. Thug Comhairle LEE dá haire teacht i bhfeidhm ar bhonn sealadach an dá phrótacal bhreise a ghabhann le comhaontuithe déthaobhacha an Aontais leis an Iorua agus leis an Íoslainn lena bhforáiltear do tharaif-chuótaí chun táirgí áirithe éisc agus iascaigh de thionscnamh na dtíortha sin a allmhairiú isteach i margadh an Aontais go dtí mí Aibreáin 2028.

47. Thug comhaltaí Chomhairle LEE dá n-aire agus is oth leo an meath tromchúiseach atá tagtha ar stoc ronnach an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus thuig siad a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú cuimsitheach comhroinnte go tráthúil.

48. D'athdhearbhaigh Comhairle LEE freisin na gealltanais a leagtar amach i bPrótacal 9 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le trádáil éisc agus táirgí muirí eile.

49. Leag comhaltaí Chomhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá comhar cuiditheach maidir le hábhair iascaigh agus ba cheart don chomhar sin a bheith cothrom agus dul chun tairbhe an dá thaobh, go háirithe maidir le bainistiú inbhuanaithe stoic a bhainistítear go comhpháirteach.

50. D'aithin comhaltaí Chomhairle LEE a thábhachtaí atá sé leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna faoi seach atá fós gan réiteach a bhaineann le beartais iascaigh, d'fhonn iad a réiteach, agus d'aithin an tábhacht a bhaineann leis an idirphlé déthaobhach i mbainistiú iascaigh agus an gá atá le comhaontuithe maidir le socruithe comhroinnte idir an tAontas agus Stáit ábhartha CSTE LEE.

**Trádáil talmhaíochta**

51. Meabhraíodh do Chomhairle LEE gealltanas na bPáirtithe Conarthacha, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Chomhaontú LEE, agus d'iarr sí ar na páirtithe leanúint den idirphlé chun athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha trádála i gcás táirgí talmhaíochta chun léirscaoileadh forchéimnitheach a bhaint amach faoi chuimsiú a mbeartas talmhaíochta faoi seach. Mhol Comhairle LEE do na Páirtithe Conarthacha athbhreithniú nua a dhéanamh ar an gcóras trádála le haghaidh táirgí talmhaíochta próiseáilte faoi chuimsiú Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 de Phrótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE chun an trádáil a chur chun cinn a thuilleadh sa réimse seo.